



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Aighneacht le haghaidh chomhairliúchán na Comhairle Múinteoireachta ar an Ráiteas Straitéiseach faoi Leanúnachas san Oideachas Múinteoireachta atá á fhorbairt agus a Straitéis le haghaidh athbhreithnithe ar Chláir Oideachais Mhúinteora.



Achoimre

Molann COGG don Chomhairle Mhúinteoireachta go mbeadh múinteoirí lán-oilte agus lán-inniúil sa Ghaeilge, i dteagasc na Gaeilge agus i dteagasc trí Ghaeilge ar fáil do bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus do scoileanna uile na tíre. Moltar go mbeadh an sprioc céanna ag an gComhairle Mhúinteoireachta in ullmhúchán múinteoirí don teagasc agus atá aici in ullmhúchán múinteoirí go ginearálta.

Tá COGG á mholadh seo toisc go bhfuil sé soiléir sna staidéir éagsúla a choimisiúnaigh COGG go bhfuil fadhbanna ann ar gach leibhéal in ullmhúchán na múinteoirí Gaeilge, i dteagasc na Gaeilge agus sa teagasc trí Ghaeilge. Sna staidéir a rinneadh ar na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge léiríonn siad go bhfuil na fadhbanna céanna ag na scoileanna le múinteoirí a bhfuil cumas lag acu sa teanga agus le múinteoirí a bhfuil easpa eolais faoin gcur chuige teagaisc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Deir na scoileanna seo nach bhfuil na cúrsaí réamhoiliúna oiriúnach ná sásúil chun freastal ar riachtanais na múinteoirí, ar riachtanais na scoileanna, ná ar riachtanais na ndaltaí.

Tá scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge ar aon intinn faoi conas na fadhbanna seo a réiteach. Is gá cúrsaí oiliúna a bhunú a dhíríonn ar na scoileanna múinteoireachta atá riachtanach i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus ar an tumoideachas. Is gá freisin cúrsaí a chur ar fáil le haghaidh múinteoirí atá ag múineadh cheana féin; cabhróidh na cúrsaí seo leo cur lena gcuid scileanna gairmiúla agus líonfaidh na cúrsaí isteach aon bhearnaí atá ar iarraidh i scoileanna na múinteoirí. Agus is gá na cúrsaí seo a chur ar fáil trí Ghaeilge.

I **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** aithnítear an tábhacht atá le caighdeán “Gairmiúil Gaeilge”. Chun an caighdeán seo a bhaint amach, is léir go mbeidh ról lárnach ag an gComhairle Mhúinteoireachta ann. Beidh tionchar aici ar na coláistí oideachais, ar na cúrsaí a chuirfidh na coláistí sin ar fáil, agus ar na múinteoirí a thiocfaidh amach ó na coláistí sin. Is gá an dúshraith láidir ghairmiúil seo a chruthú i múineadh na Gaeilge ionas go mbeidh muinín ag múinteoirí as a gcuid scileanna gairmiúla féin, agus dá bharr sin, go mbeidh an mhuinín chéanna ag na daltaí as a gcuid foghlama féin.

Tá seanfhocal ann: “Ní hualach do dhuine an léann”. Ba chóir go mbainfeadh múinteoirí agus daltaí sult as aon ábhar. I gcás scoileanna uile na tíre ba chóir gurb ábhar taitneamhach í an Ghaeilge a shaibhreoidh tuiscint na ndaltaí ar a dtír féin agus go mbeidh sásamh gairmiúil ag múinteoirí á múineadh. I gcás páistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, ní hábhar í an Ghaeilge, ach cuid dá saol laethúil. Ba chóir go mbeadh múinteoirí agus daltaí ar a suaimhneas léi ionas go mbeidh siad ábalta an Ghaeilge a úsáid mar a úsáidtear an Béarla i scoileanna a mhúineann trí mheán na teanga sin.



An Aighneacht

Is mian leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta an aighneacht seo a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir leis an ráiteas polasaí a leagfaidh amach fíis na Comhairle Mhúinteoireachta maidir le hoideachas múinteoirí ag gach sraith den ghairm mhúinteoireachta.

Ó bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in 2002, tá taighde leanúnach á dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an teagasc trí Ghaeilge agus le teagasc na Gaeilge. Mar thoradh air seo, tá réimse tuarascálacha taighde foilsithe ag COGG, agus ina measc, tá tuarascálacha ann a bhaineann le hoideachas múinteoirí (feic an leabharliosta). Tá gach ceann de na tuarascálacha ar fáil ar www.cogg.ie.

Tá an aighneacht seo bunaithe, cuid mhór, ar mholtaí na dtuarascálacha sin, agus mar thátal ar an taighde atá déanta, go dáta, ag COGG, iarrtar ar an gComhairle Mhúinteoireachta:

- A chinntiú go bhfuil múinteoirí lán-oilte agus lán-inniúil ar an nGaeilge agus ar an teagasc trí Ghaeilge ar fáil le freastal ar riachtanais na mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- A chinntiú go bhfuil múinteoirí lán-oilte ina n-ábhair theagaisc agus lán-inniúil ar an nGaeilge agus ar an teagasc trí Ghaeilge ar fáil le freastal ar riachtanais na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- A chinntiú go bhfuil múinteoirí lán-oilte agus lán-inniúil leis an nGaeilge a theagasc i scoileanna uile na tíre

Tá COGG ag iarraidh go mbeidh na spriocanna céanna ag an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge agus atá aici cheana féin le haghaidh múinteoireachta go ginearálta, eadhon:

- (a) gairm na múinteoireachta agus iompar gairmiúil múinteoirí a rialáil,
- (b) caighdeán a bhunú maidir leis na nithe seo a leanas, agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin a chur chun cinn, eadhon—
 - (i) cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí,
 - (ii) múinteoireacht, eolas, oilteacht agus inniúlacht múinteoirí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta, agus
 - (iii) iompar gairmiúil múinteoirí, agus
- (c) oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a chur chun cinn,

Iarrann COGG ar an gComhairle Mhúinteoireachta go mbeidh na spriocanna seo le feiceáil in ullmhúchán le haghaidh theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge: tosaíonn an t-ullmhúchán sin



i gcláir oideachais mhúinteora. Déanfaimid plé thíos ar an bhfáth a bhfuilimid á iarraidh seo agus ar na moltaí a chuirimid chun cinn faoi conas é a chur i bhfeidhm.

Sna Gaeltachtaí tá deacrachtaí móra ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna teacht ar mhúinteoirí cáilithe chun folúntais a líonadh. Tá trí dheacracht faoi leith le sonrú:

- Níl dóthain múinteoirí oilte ar fáil a bhfuil spéis acu dul ag obair sa Ghaeltacht.
- Níl dóthain múinteoirí ar fáil a bhfuil a gcumas Gaeilge sách maith le dul ag múineadh trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
- Ní ullmhaíonn na cúrsaí réamhoiliúna múinteoireachta na múinteoirí le múineadh trí mheán na Gaeilge agus/nó an dara teanga, ná chun múineadh faoi na cúinsí ar leith a bhaineann le scoileanna Gaeltachta, ar scoileanna beaga iad a bhformhór acu.

Chun na deacrachtaí seo a réiteach, ba chóir go bhféachfar arís ar na córais atá ann le múinteoirí a oiliúint don bhunleibhéal agus don dara leibhéal agus go ndéanfar socruithe ar leith le sruth leanúnach múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríú leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lán-Ghaeilge; agus go mbeidh soláthar déanta ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta.

Nuair a pléadh na rudaí seo thuas le príomhoidí, múinteoirí, agus tuismitheoirí mhol siad go dtionscnódh COGG, i gcomhar le hinstiúid tríú leibhéal cuí, cúrsa oiliúna iarchéime do phríomhoidí, do mhúinteoirí, do chigirí agus do shaineolaithe eile atá ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil do scoileanna Gaeltachta a mbeadh cáilíocht aitheanta tríú leibhéal ag dul leis agus a chuimseodh *inter alia* na rudaí seo a leanas:

- Bunphrionsabail agus dea-chleachtais an tumoideachais.
- Polasaithe agus pleanáil teanga do scoileanna Gaeltachta/scoileanna lán-Ghaeilge.
- Curaclam na bunscoile/na hiar-bhunscoile i scoileanna Gaeltachta.
- Riachtanais dhaltaí le riachtanais speisialta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- Áiseanna teagaisc agus foinsí tacaíochta eile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge.
- Stair an chórais oideachais sa Ghaeltacht.

Sa chás seo baineann na moltaí seo le daoine atá ag obair mar phríomhoidí, mar mhúinteoirí, agus mar chigirí agus araile sa Ghaeltacht cheana féin. Is léir go bhfeictear dóibh go bhfuil folús sna seirbhísí tacaíochta mar atá siad faoi láthair. Mar sin de, cé go gcabhródh cúrsa oiliúna iarchéime go mór leis na grúpaí seo ní dhíríonn an réiteach seo ar fhoinsí na faidhbe, mar atá, na múinteoirí atá ag teacht amach as na coláistí oideachais gan na rudaí seo thuas.



22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831

Tá deacrachtaí sa Ghaeltacht ag leibhéal na teanga, na bpolasaithe, na múinteoirí, na hoiliúna agus na seirbhísí. Agus tá na deacrachtaí seo ann de bhrí nach bhfuil córas tacaíochta cuí ar fáil sna coláistí oideachais chun treoir cheart a chur ar na múinteoirí ón tús.

I mbunscoileanna lán-Ghaeilge deir príomhoidí nach bhfeictear dóibh go bhfuil na coláistí oideachais ag freastal ar a riachtanais. Sna múinteoirí a thagann chun na scoileanna feiceann na príomhoidí torthaí na gcoláistí oideachais: níl taithí ag a lán múinteoirí ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge; níl caighdeán sásúil Gaeilge ag roinnt múinteoirí; agus is cúis imní é an caighdeán scríofa Gaeilge atá ag múinteoirí áirithe.

Mothaíonn céatadán maith príomhoidí go bhfuil caighdeán Gaeilge a scoile ag titim toisc go bhfuil titim ag teacht ar chaighdeán na múinteoirí. Tá impleachtaí aige seo ar fhostaíocht. Bíonn ar phríomhoidí múinteoirí a fhostú fiú nuair a bhíonn imní ar na príomhoidí faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí. Dá bharr seo, deir a lán príomhoidí gur deacra múinteoirí a fháil do Ghaelscoileanna ná do “gnáthscoileanna”. Is deacra arís ionadaí a fháil do Ghaelscoil, agus go minic, bíonn ar phríomhoidí ionadaithe a fhostú nach bhfuil mórán Gaeilge acu.

B’fhéarr le céatadán maith príomhoidí múinteoirí láncháilithe a fhostú nach bhfuil mórán Gaeilge aige, ná múinteoirí neamhcháilithe a bhfuil Gaeilge aige. Is léir go bhfuil muinín ag príomhoidí as múinteoirí láncháilithe, ach cuireann siad an scil mhúinteoireachta os cionn na scile teangeolaíche: ba chóir go mbeadh an dá scil ar comhchéim lena chéile agus is cúis imní í nach bhfuil siad. Agus níl a lán de na príomhoidí sásta leis an soláthar oiliúna réamhsheirbhíse atá á chur ar fáil don Ghaelscolaíocht sna coláistí oideachais.

Mar gheall ar na deacrachtaí seo, braitheann príomhoidí nach bhfuil na coláistí oideachais ag déanamh a riar féin don Ghaelscolaíocht. Go deimhin níl fianaise cruinn le fáil go bhfuil soláthar sásúil in aon cheann de na coláistí oideachais a léiríonn cúrsa iomlán trí Ghaeilge, agus/nó cúrsa iomlán a dhíríonn ar mhic léinn a bhfuil cúlra Gaelscolaíochta acu féin, nó a bhfuil sé mar mhian acu dul ag obair in earnáil na Gaelscolaíochta.

Mar réiteach ar na deacrachtaí seo, tá príomhoidí d’aon ghuth – nach mór - gur chóir cúrsaí speisialta faoin nGaelscolaíocht a chur ar fáil sna coláistí oideachais, nó gur chóir go mbeadh ar a laghad modúil faoin nGaelscolaíocht ar fáil do mhic léinn.

Tá bealach eile ann le cur leis an réimse oiliúna don Ghaelscolaíocht, agus is é sin, cúrsa speisialta le cáilíocht bhreise, agus liúntas breise, a bhunú. Bheadh mar bhuntáiste ag a leithéid go bhféadfadh sé bheith ann mar cháilíocht iar-oiliúna, agus go bhféadfadh múinteoirí an cúrsa a roghnú tar éis dóibh post a fháil i nGaelscoil.



22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831

Tá amhábhair cainteoirí Gaeilge ann sna hollscoileanna, ach caithfear iad a mhúnlú. Is gá féachaint ar líon mac léinn iarchéime a bhfuil an Ghaeilge mar ábhar céime acu nó a bhfuil cúlra Gaelscolaíochta /Gaeltachta acu. Agus is gá cúrsa amháin de na cúrsaí iarchéime a sholáthar go hiomlán trí Ghaeilge do na mic léinn seo, cúrsa a freastalóidh ar shainriachtanais na Gaelscolaíochta, mar aon le freastal ar riachtanais an uile chineáil scoile. Bheadh de dhifríocht ag an gcúrsa seo gur Dioplóma iarchéime sa Bhunoideachas agus sa Ghaelscolaíocht a bhronnfaí ar mhic léinn, seachas an Dioplóma iarchéime sa Bhunoideachas a bhronntar de ghnáth.

Dúradh thuas nach raibh príomhoidí sásta leis an soláthar oiliúna réamhsheirbhíse, dá bharr sin, is gá scáth-phlean do chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna a chruthú a fhreastalóidh trí Ghaeilge ar riachtanais na Gaelscolaíochta agus na Gaeltachta. Agus caithfear rianú a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus na constaic a bhaineann lena leithéid. Léireoidh an rianú na costais a bhainfidh lena leithéid, an láthair is fearr a oirfidh, agus an próiseas roghnaithe do mhic léinn. Déanfaidh sé scrúdú ar na féidearthachtaí a bheidh ann mic léinn na Gaelscolaíochta agus na Gaeltachta a thabhairt le chéile ar a leithéid de chúrsa chun dlús teagaisc agus foghlama a chruthú a fhreagróidh do shainriachtanais na Gaelscolaíochta agus a ardóidh caighdeán Ghaeilge na múinteoirí i ngach cineál scoile.

Tá a lán múinteoirí sna Gaelscoileanna faoi láthair nach bhfuair an oiliúint riachtanach le haghaidh Gaelscoileanna. Ba chóir soláthar a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil a dhéanadh go speisialta ar na múinteoirí sin. Ba chóir na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le hArd-Dioplóma sa Ghaelscolaíocht a sholáthar mar rogha inseirbhíse do mhúinteoirí. Thiocfadh le múinteoirí tabhairt faoin gcúrsa seo ar bhonn céimneach, agus d'fhéadfadh an cúrsa a bheith mar chéad chéim ar chúrsa iarchéime – an Mháistreacht sa Ghaelscolaíocht.

Is féidir le coláistí oideachais díriú ar theoiricí, mhodhanna múinte agus araile, ach mura n-éireoidh leis na mic léinn blas ceart nádúrtha na teanga a shealbhú beidh gné thábhachtach de shealbhú na teanga ar lár. Dá bhrí sin, is gá a éileamh ó choláistí oideachais, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ó ranna eile de réir mar a oireann, go gcuirfidh siad struchtúir in ait gan mhoill, ionas go mbeidh mic léinn réamhchéime in ann bliain iomlán dá gcúrsa a chaitheamh ar scéim 'Erasmus' d'oiliúint mhúinteoirí sa Ghaeltacht.

Tá príomhoidí i nGaelscoileanna buartha faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí, agus go minic ní mhothaíonn na múinteoirí go hiomlán ar a suaimhneas le cruinneas na teanga. Ba chóir gearrchúrsaí ar chruinneas labhartha agus scríofa na Gaeilge a dhearadh do na múinteoirí sin ar mian leo freastal orthu. Is féidir na cúrsaí seo a sholáthar ar an mbealach is praiticiúla a oirfidh do mhúinteoirí na nGaelscoileanna, nó dóibh siúd ar mian leo ullmhú don Ghaelscolaíocht.

Nuair a fhéachaimid ar na moltaí seo feicimid go mbaineann na moltaí le feabhas a chur ar oiliúint na múinteoirí – rud is féidir a dhéanamh le clár oideachais mhúinteora.



22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831

Go dtí seo tá an aighneacht ag tarraingt ar thaighde a choimisiúnaigh COGG, ach ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna tá tuarascáil ann a scríobh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna agus tá fianaise na tuarascála sin ag cloí leis an méid atá le léamh go dtí seo:

‘..... bíonn fadhb mhór ag scoileanna seirbhísí múinteoirí ionaid atá inniúil a fháil, rud a chuireann isteach ar sholáthar forbartha gairmiúla le haghaidh múinteoirí trí mheán na Gaeilge. Deacracht mhór faoi láthair ag an soláthar lán-Ghaeilge is ea teacht ar mhúinteoirí atá cáilithe chun ábhair a theagasc trí mheán na Gaeilge agus is mór an bac an méid sin ar a fhorbairt agus a leathnú amach anseo. Tá géarghá le pleanáil chun cur le líon na múinteoirí atá ar fáil. Tá gá le pleanáil chomhordaithe náisiúnta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ag an Údarás Ard-Oideachais agus ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chuige sin.’

Tá deacracht ar leith ag scoileanna in oileáin sa Ghaeltacht maidir le múinteoirí a earcú agus cur ar chumas múinteoirí freastal ar chúrsaí forbartha gairmiúla. Baineann costas mór le taisteal rialta chun na mórthíre chun freastal ar chúrsaí agus bíonn tacaíocht de dhíth ar mhúinteoirí.

Is léir go bhfuil na deacrachtaí céanna sna scoileanna lán-Ghaeilge agus atá sna scoileanna Gaeltachta maidir le teanga, múinteoirí, oiliúint, agus seirbhísí. Agus ní hamháin go bhfuil taighde COGG á rá seo, ach tá taighde ar shuíomh na Roinne Oideachas agus Scileanna á rá seo freisin. Tá fadhbanna ann agus is gá iad a réiteach.

Conas is féidir na fadhbanna seo a réiteach? I dtuarascáil a scríobh Pádraig Ó Duibhir, mhol sé go rachadh COGG i dteagmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun ceist na réamhsheirbhíse do theagasc trí Ghaeilge a phlé ionas go dtuigfeadh an Chomhairle Mhúinteoireachta an tábhacht atá leis an gceist. Mhol sé freisin go mbeadh plé ann leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis an gCigireacht faoi chumas Gaeilge na múinteoirí trí chéile le haghaidh theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge.

Is léir cé chomh tábhachtach agus atá ceist na réamhsheirbhíse le haghaidh theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge. Tá an struchtúr ag an gComhairle Mhúinteoireachta le dul i bhfeidhm ar an gceist seo, mar atá, clár oideachais mhúinteora.

Bhí Pádraig Ó Duibhir ag plé leis an gceist seo in 2006, agus cúig bliana ar aghaidh, tá práinn fós leis na rudaí a deir sé. Maidir le réamhsheirbhís, molann sé gur chóir do COGG dul i dteagmháil le húdaráis na gcoláistí oideachais agus go n-iarrfadh COGG orthu meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar atá ann faoi láthair don tumoideachas agus do theagasc trí Ghaeilge d’fhonn an staid a fheabhsú trí modúil bhreise agus cúrsaí nua a chur ar fáil i dteagasc trí Ghaeilge. Chun maoiniú a fháil do na cúrsaí seo molann sé gur chóir dul i dteagmháil leis an Údarás um Ard-Oideachais.



22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831

Molann sé freisin gur chóir do COGG dul i dteagmháil leis an Údarás um Ard-Oideachais agus le húdaráis na gcoláistí ollscoile a eagraíonn cúrsaí Ard-Teastas san Oideachas (ATO/An Dioplóma Iarchéime san Oideachas)) agus go n-iarrfadh COGG orthu méadú a dhéanamh ar líon na gcúrsaí cosúil leis an gcúrsa ATO in OÉG agus go n-iarrfadh COGG orthu modúl Gaeilge a eagrú ar na cúrsaí ATO a dhíreodh ar theagasc trí Ghaeilge agus tríd an dara teanga. Deir sé gurb inmholta dul i gcomhpháirt le Comhairle na Gaelscolaíochta chun cúrsaí den chineál seo a sholáthar.

Aithníonn Pádraig Ó Duibhir an gá atá le coláiste oideachais neamhspleách ina mbeadh sé mar chúram ar an gcoláiste múinteoirí a oiliúint don teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Deir sé gur chóir go mbeadh an coláiste mar chuid de struchtúr ollscoile chun caighdeán acadúla a chinntiú, chun tarraingt ar réimse saineolas níos leithne agus chun deiseanna forbartha pearsanta níos leithne a chur ar fáil do mhic léinn. D'fhéadfadh an coláiste cúrsaí iarchéime a thairiscint ar an gcéad dul síos agus cúrsaí céime de réir a chéile, céimeanna máistreachta ina measc.

Tá ról ag COGG i bhforbairt na seirbhísí seo, ach is í an Chomhairle Mhúinteoireachta a bheidh in ann dul i bhfeidhm ar na múinteoirí agus ar na daoine a chruthaíonn na polasaithe a théann i bhfeidhm ar na múinteoirí. Tá sé soiléir go bhfuil folús ann; tá ceithre thuarascáil scríofa ag COGG go sonrach ar an bhfolús. Líonfadh clár oideachais an folús sin dá dtarraingeodh sé ar na moltaí atá ag teacht chun cinn sna tuarascálacha sin.

Sa tuarascáil a scríobh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna tá coimriú ar chuid mhaith de na rudaí a thagann chun cinn go minic san aighneacht seo:

Tá géarghá ag an oideachas dara leibhéal le tacaíocht tríú leibhéal i gcúrsaí iomchuí. I dteannta Ard-Dioplóma trí mheán na Gaeilge le réimsí ábhar níos leithne, tá gá le cúrsa a sholáthróidh cáilíocht agus oiliúint le haghaidh múinteoirí cáilithe a mb'fhéidir gur mhian leo inniúlacht a bhaint amach i dteagasc a n-ábhair trí mheán na Gaeilge. Beidh solúbthacht ag teastáil le haghaidh a leithéid de chúrsa chun:

- freastal ar mhúinteoirí i réimsí éagsúla ábhar
- modhanna foghlama éagsúla a sholáthar
- dlúthbhaint a bheith aige le speictream na suíomh teagaisc/foghlama sna scoileanna
- slite éagsúla a sholáthar chun creidiúint a chnuasach
- freastal ar riachtanais scoileanna agus múinteoirí maidir le cúrsaí ama.

Agus chun an dlaoi mhullaigh a chur leis seo, anuraidh foilsíodh **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-1030** (féach Aguisín 1) agus tá na moltaí ceannann céanna le léamh sa doiciméad sin agus atá le feiceáil san aighneacht seo.



22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 634 0831

Tosaíonn an obair uile seo le clár oideachais mhúinteora. Má sholáthraíonn an clár múinteoirí críochnaithe snasta cumasacha a bheidh in ann Gaeilge a theagasc agus na hábhair a theagasc trí Ghaeilge sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil, is tús maith é sin. Ansin i gcás leanúnachais beidh sé riachtanach freastal ar na múinteoirí nach bhfuair an seans sin agus iad ag dul don oideachas sna coláistí: beidh bearnaí le líonadh acu ina bhforbairt ghairmiúil agus i réimsí eile a bhaineann leis an nGaeilge.

Ní hé hamháin go gcabhróidh clár oideachais mhúinteora leis na múinteoirí, ach cabhróidh sé leis na páistí freisin, agus sa staid ina bhfuil an tír faoi láthair tá sé práinneach go bhfuil múinteoirí éifeachtacha ag na páistí – múinteoirí atá ar a suaimhneas faoina gcumas gairmiúil sa Ghaeilge.



Aguisín 1

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-1030

Maidir leis an straitéis seo leagtar síos na spriocanna a leanas:

Oideachas Príomhshrutha – An Córas Bunscoile

Lena chinntiú go mbainfear caighdeán “Gaeilge Ghairmiúil” amach i ngach coláiste oideachais múinteoirí, táthar ag súil go neartóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, mar chuid den athbhreithniú atá luaite thuas, teagasc na Gaeilge feadh an tsoláthair tosaigh d’oideachas múinteoirí ar fad agus go ndéanfaidh sí caighdeánú air. Moltar na nithe seo a leanas:

- Déanfar bearta le húsáid na Gaeilge tríd is tríd a spreagadh sa seomra ranga agus lasmuigh de;
- Déanfar ábhair eile atá sa churaclam d’oideachas tosaigh do mhúinteoirí, chomh maith le Gaeilge Ghairmiúil, a sholáthar trí mheán na Gaeilge;
- I réimse an oideachais múinteoirí, leanfaidh ábhair mhúinteoirí clár sainithe do theagasc teanga sa Ghaeltacht. Cuirfear freisin leis an am teagasc agus freastail d’ábhair mhúinteoirí a dhéanann freastal ar chúrsaí Gaeltachta;
- Tabharfar scéim scoláireachta Gaeltachta nua isteach do bhunmhúinteoirí le freastal ar dhianchúrsaí sa Ghaeltacht;
- Spreagfar Coláistí Oideachais chun tionscnaimh a thosú chun mic léinn a mbeidh cumas ard acu i nGaeilge ón nGaeltacht, ó ghaelscoileanna agus ó scoileanna eile a mhealladh. Coinneofar suas le 20% de na háiteanna i gColáistí Oideachais do mhic léinn a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus beidh mic léinn as scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu incháilithe freisin faoi réir tairseach ard feidhmíochta i nGaeilge a bhaint amach san Ardteistiméireacht;
- Socrófar tréimhse fhada sa Ghaeltacht do go leor de na hábhair mhúinteoirí, tréimhse ina leanfaidh na mic léinn clár sainmhínithe ó thaobh teagasc teanga;
- Cuirfear leis na comhpháirteanna Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge atá sa chúrsa céime Baitisiléir san Oideachas chomh maith le dianchúrsaí Gaeilge a sholáthar mar is cuí i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta; agus
- Tabharfar isteach speisialtóireacht nua i dteagasc bunscoile trí mheán na Gaeilge (páirt-tumadh nó tumadh iomlán) i gColáistí Oideachais.



Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Bunscoile

Tabharfar clár iarchéime isteach a bheidh dírithe go sonrach ar riachtanais na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Tabharfar Diplóma Iarchéime nua san Oideachas Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) isteach agus soláthróidh sé sainscileanna i nGaeilge dóibh sin a mbíonn clár oideachais múinteoirí críochnaithe cheana féin acu.

Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Iar-bhunscoile

Tabharfar Diplóma Iarchéime nua san Oideachas isteach a dhéanfar a sholáthar go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Chun cuidiú tuilleadh le Cuspóir 5 agus Cuspóir 6 de Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006 a bhaint amach, bunófar Ionad Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge in institiúid oideachais atá ann cheana féin. Is ionad barr feabhais a bheidh ann a thabharfaidh cúnaimh agus comhairle do na Coláistí Oideachais agus iad ag ullmhú múinteoirí don timthriall iomlán sna scoileanna ina ndéanfar an teagasc trí mheán na Gaeilge trí chomhchomhairle, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, cláir oiliúna chreidiúnaithe agus forbairt acmhainní. Oibreoidh an tIonad Náisiúnta i gcomhar leis na Coláistí Oideachais agus spreagfar soghluaiseacht na bhfoirne gairmiúla idir na córais agus na soláthróirí oideachais ar fad agus an tIonad Náisiúnta. Beidh cáilíocht ghairmiúil ar fáil do na múinteoirí bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad le tacú leo le teagasc a dhéanamh i scoileanna a dhéanann teagasc trí mheán na Gaeilge.

Is cáilíocht bhreise tharraingteach agus inmhianaithe a bheidh inti seo do dhaoine ar mian leo oibriú i scoileanna a dhéanann teagasc trí Ghaeilge agus is treoir úsáideach a bheidh inti d'fhostóirí go bhfuil an inniúlacht riachtanach teanga ag iarrthóirí. Cuirfear na cláir acadúla nua - Baitsiléir san Oideachas, Diplóma Céime san Oideachas (Teagasc Bunleibhéil) agus Diplóma Iarchéime san Oideachas - chomh maith le feidhmiú an Ionaid Náisiúnta d'Fhorbairt Phroifisiúnta Múinteoirí trí mheán na Gaeilge amach ar thairiscint iomaíoch phoiblí oscailte i measc na n-institiúidí oideachais cuí atá ann. Cuirfear leis na deiseanna forbartha gairmiúla atá aitheanta thuas trí bhíthin infheistíocht atá méadaithe go suntasach a chur isteach i roghanna forbartha gairmiúla ar líne agus gearrthréimhseacha le haghaidh múinteoirí atá ag obair agus cuirfear iad ar fáil trí na seirbhísí tacaíochta curaclaim agus trí ghréasán an Ionaid Oideachais ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Chun cuidiú tuilleadh leis na bearta sin agus chun cur le háit na teanga a dhaingniú sa chóras oideachais ag gach leibhéal, tabharfar aitheantas speisialta do scoileanna ina mbíonn deachleachtas ó thaobh mhúineadh na Gaeilge. Déanfar raon leathan de théacsleabhair, d'ábhair theicneolaíochta nua agus d'acmhainní le cuidiú le múineadh na Gaeilge agus le múineadh trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil.



Leabharliosta

An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna (2004) **Critéir agus Nósanna Imeachta chun Soláthar trí mheán na Gaeilge a bhunú agus a choimeád ar siúl i Scoileanna Dara Leibhéal nó i gCnuasaigh Scoileanna.**

Mac Donncha, Seosamh, Ní Chualáin, Fíona, Ní Shéaghda, Ní Mhainín, Treasa, (2005) **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004**, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mac Donncha, Seosamh (2005) **Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004 - Léargas ó na Príomhoidí, na múinteoirí & na tuismitheoirí**, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Máirtín, Caoimhe (2006) **Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge**: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Duibhir, Pádraig (2006) **Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge**. Plécháipéis. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Duinnshléibhe, Seán (2003) **An Ghaeilge sa Chóras Oideachais Tríú Leibhéal – Cláir Léinn ar leith**. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Flatharta, an Dr Peadar (2007) **Struchtúr Oideachais na Gaeltachta**, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Murchadha, Niall (2004) **An Ghaeilge sna Coláistí Oideachais**

Rialtas na hÉireann (2010) **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**